**Leasú 107**
**Silvia Modig**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0070/2024**
**Pascal Canfin**
Cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair
(COM(2023)0441 – C9-0305/2023 – 2023/0266(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Faoin [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú ar an bhféidearthacht an mhodheolaíocht a úsáidtear sa Rialachán seo a thabhairt cothrom le dáta chun an tionchar aeráide a bhíonn ag éifeachtaí neamh-$CO_2$ na heitlíochta a ríomh, a thuairisciú agus a fhíorú i gcomhréir le ceanglais Threoir 2003/87/CE. I gcás inarb iomchuí, féadfar togra reachtach a bheith ag gabháil leis an tuarascáil chun an Rialachán seo a leasú.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Le Treoir ETS [Airt. 14(5)], ceanglaítear ar oibreoirí aerárthaí tuairisciú uair sa bhliain ar éifeachtaí neamh-$CO_2$ na heitlíochta a tharlaíonn ón 1 Eanáir 2025. De réir EASA, tá tionchair aeráide neamh-$CO_2$ ó ghníomhaíochtaí eitlíochta , ar an iomlán, chomh tábhachtach céanna leis na tionchair sin atá inchurtha i leith astaíochtaí $CO_2$ amháin. Chun faisnéis chuí a sholáthar d'úsáideoirí deiridh seirbhísí iompair agus chun cothrom iomaíochta a chruthú idir modhanna éagsúla iompair, ba cheart éifeachtaí neamh-$CO_2$ na heitlíochta a chur san áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo.*